# Cóir Ghaoithe

**Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge**

**Aodán Mac Suibhne**
**Agus**
**Marie Whelton**

# 8. CEOL AN BHAINNE

*Bríd Dáibhís*

## I TÉACS

**Féach *Leoithne Ghaoithe*, lch. 32, áit a bhfuil an téacs foilsithe.**

### Foclóirín

**Ag bleán** – **ag crú**, milking
**Sa bhuaile** – milking place in summer pasture/enclosure
**Feachta** – bent
**Ceathrú** – thigh
**Deighilte uainn** – scartha amach uainn, separated from us
**Go ceann tamaill** – ar feadh tamaill
**Airím** – cloisim, I hear
**An stán** – the tin
**Ársa** – sean, ancient
**I bhfad siar** – i bhfad ó shin, long ago
**Cogaint na círe** – chewing the cud
**An steall ar chúr an lachta** – the splash on the froth of the milk
**Guíonn sí** – she prays
**Bail ó Dhia ar an obair** – God bless the work
**Ag dul thar bráid** – passing by
**An bheannacht** – the blessing
**'Haigh'** – 'hi'
**Bainne na beatha** – milk of life
**Tál** – yield/lactate

## II ÚDAR, COMHTHÉACS, SEÁNRA

- Bean rialta is ea an file. Rugadh í i mBaile Briotáis in aice le Port Laoise sa bhliain 1930. Bhí sí seacht mbliana déag d'aois nuair a chuaigh sí isteach sa chlochar i gCill an Aird, Co. Laoise. Oileadh í mar mhúinteoir bunscoile i gColáiste Dhún Chéirigh sna blianta 1950 - 52. I gCill Choca, Co. Chill Dara, a chaith sí a saol múinteoireachta. Tá go leor dánta scríofa aici agus ghnóthaigh sí duais ar a cuid filíochta sa bhliain 1966. Dhá chnuasach atá againn uaithi: *Corrán Gealaí* agus *Cosán na Gréine*. Ta roinnt drámaí scríofa aici, freisin, agus iad curtha in oiriúint aici do pháistí bunscoile.

- Ó thaobh comhthéacs de, baineann an dán seo leis an tréimhse réamhtheicneolaíochta. Tugann an file léargas ar na nósanna a ghabh le gné amháin de cheird na feirmeoireachta sa tréimhse úd. Domhan nach bhfaca meaisín bleáin ná bleánlann go fóill atá á phlé.

- Peannphictiúr is ea an dán. Dearann an file portráid, i bhfocail, de bhean ag bleán agus déanann sí cur síos ómósach fileata ar a cuid oibre. Sa pheannphictiúr is mar cheird shéimh shuaimhneach, nach mór beannaithe, a léiríonn an file ceird na feirmeoireachta.

## III ANAILÍS LITEARTHA

**A. Príomhthéama an Dáin**

Áilleacht agus tábhacht cheird na feirmeoireachta is téama don dán. Mar ócáid shollúnta a nochtann an file ócáid an bhleáin. Faireann sí, le meas agus le hurraim, ar Mháire agus í ag crú na bó lena lámha. Léiríonn an t-aon charachtar eile sa dán, Bríd Pheadar Mháirtín, an meas céanna ar an obair agus í ag guí rath Dé ar na hiarrachtaí.

**B. Príomhtheicníochtaí Liteartha**

**<u>Meafair agus Íomhánna</u>**

Cur síos pictiúrtha atá sa chéad rann. Íomhá de bhean chrúite na bó, í i mbun a ceirde sa bhuaile. Tugann an file mionsonraí faoi Mháire – tá glúin amháin feachta aici agus tá a ceann brúite in aghaidh chos na bó. Tá sí 'deighilte' ó dhaoine eile. Tá sé mar a bheadh sí ag guí, scartha amach ón gcomhluadar. Seodradharc de bhean i mbun oibre sollúnta atá á chruthú agus is furasta don léitheoir atmaisféar na háite, chomh maith le draíocht na ngníomhartha, a shamhlú:

> Tá Máire ag bleán sa bhuaile...
> Tá sí deighilte uainn
> Go ceann tamaill.

Murab ionann is an pictiúr ar chanbhás, bíonn de bhua ag an bhfilíocht fuaimeanna ócáide a ghabháil i bhfocail. Téann an file i muinín mheafar an cheoil chun an ghné den bhleán a théann i gcion ar chéadfa na cluaise a léiriú. Is ón meafar seo a fhaigheann an dán a theideal. An toradh atá le meafar an cheoil ná beophictiúr: cuirtear an fhuaim a dhéanann an bainne agus é ag titim isteach sa stán i gcomparáid le seancheol. Ar ndóigh, cuireann ársaíocht cianaosta an cheoil le diamhair an atmaisféir. Is ceol é a bhí le cloisteáil na cianta cairbreacha siar. Ní hamháin sin ach tá an ceol i dtiúin le cogaint na círe, rud a dhéanann uainíocht álainn shioncrónaithe le hardú agus le hísliú na lámh agus le titim an bhainne úr ar bharr an bhainne sa bhuicéad:

> Tá cogaint na círe
> Ag teacht leis an rithim,
> Le hardú is ísliú na lámh...

Íomhá de bhean ag guí beannachta ar an obair atá cruthaithe sa rann deireanach. Tá Bríd Pheadar Mháirtín ag dul thar bráid agus ní hí beannacht choitianta an lae inniu ('haigh') atá ar a beola ach beannacht

thraidisiúnta atá lán le brí agus a impíonn ar Dhia a rath a chur ar an obair. Is léir ón íomhá seo go bhfuil urraim ag Bríd don obair atá ar siúl.

Dar leis an bhfile, is feiliúnach meas a bheith ag duine ar an obair áirithe seo, óir is í an obair seo a sholáthraíonn an bainne a bheathaíonn an cine daonna. Is soiléir go gcreideann an file go bhfuil naofacht áirithe ag baint leis an obair i gcoitinne: go mbronnann Dia a chuid tabhartas orainn trí mheán na hoibre:

> Guíonn Bríd Pheadar Mháirtín
> Bail ó Dhia ar an obair...
> In ionad 'Haigh!'
> Agus bainne na beatha
> Á thál orainn.

**<u>Teanga an Reiligiúin</u>**

Mar is léir ón anailís ar na meafair, thuas, tá snáth reiligiúnda ag sníomh tríd an dán. Cuireann teanga an reiligiúin go mór le spioradáltacht theachtaireacht an dáin agus leis an atmaisféar domhain.

Sa chéad rann chonaiceamar Máire agus a glúin feachta aici mar a bheadh sí ag guí. Deirtear, freisin, go bhfuil sí scartha amach ón gcomhluadar ar feadh tréimhse an bhleáin. Ar an ábhar sin cuirtear an obair i láthair mar ghníomh atá cosúil le gníomh príobháideach na paidreoireachta.

Sa rann deireanach tá bean ag guí beannachta ar an obair atá ar siúl agus mar a dúramar thuas, is léiriú é sin ar an gcreideamh go bhfuil an feirmeoir ag comhoibriú le Dia ina saol laethúil. Trí mheán obair an fheirmeora agus faoi choimirce Dé tálann an nádúr bainne na beatha orainn.

Ar an iomlán, uaislíonn na macallaí ón gCríostaíocht an obair go leibhéal áirithe naofachta atá tábhachtach, agus is bealach sár-éifeachtach é chun an téama a fhorbairt.

## IV CEISTEANNA SAMPLACHA

1. “Tábhacht cheird na feirmeoireachta is téama don dán, ‘Ceol an Bhainne,’ le Bríd Dáibhís.” Pléigh an ráiteas sin ag déanamh tagartha do na teicníochtaí fileata sa dán.

2. “Portráid, i bhfocail, de bhean ag bleán is ea an dán, ‘Ceol an Bhainne,’ le Bríd Dáibhís.” Pléigh an tuairim sin agus tagair do theicníochtaí fileata i do fhreagra.

3. “Mar cheird bheannaithe a léirítear ceird na feirmeoireachta sa dán, ‘Ceol an Bhainne,’ le Bríd Dáibhís.” Déan plé ar an ráiteas sin agus tagair do línte as an dán i do fhreagra.

4. “Tá tábhacht ar leith ag meafar an cheoil sa dán ‘Ceol an Bhainne,’ le Bríd Dáibhís.” Déan an ráiteas sin a phlé.

5. “Uaislíonn na macallaí ón gCríostaíocht obair na feirme go leibhéal áirithe naofachta.” Do thuairim uait faoin ráiteas sin. Tacaigh do fhreagra le tagairtí do theicníochtaí fileata an fhile.

Whelton, Marie, ‘Ceol an Bhainne le Bríd Dáibhís.’ Sliocht as *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge*, Aodán Mac Suibhne agus Marie Whelton (Údair). Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath, 2006, 2009, lgh 154-156. Cóip an Údair.